

**Institiúid Ealaíne, Deartha
agus Teicneolaíochta Dhún
Laoghaire**

Tuarascáil Bhliantúil 2006/07

CLÁR ÁBHAR

(Seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuimsítear sa tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2006 go dtí an 31 Lúnasa 2007)



1. Réamhrá

- 1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**
- 1.2 Ráiteas an Stiúrthóra**
- 1.3 Bunú na hInstitiúide**
- 1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide**



2. Rialachas

- 2.1 Comhlacht Rialaithe**
- 2.2 Foireann Shinsearach**



3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn

- 3.1 Comhairle Acadúil**
- 3.2 Forbairtí Acadúla**
- 3.3 Cláir Cheadaithe**
- 3.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha**
- 3.5 Staitisticí faoi Mhic Léinn**
- 3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn**
- 3.7 Seirbhísí agus Áiseanna na Mac Léinn**



4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbraíochta**
- 4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha**
- 4.3 Forbairt an Champais**
- 4.4 Bainistíocht Sábháilteachta agus Seirbhísí**



[Redacted]

5. Pearsanra

5.1 Líonta Foirne

5.2 Éachtaí na Foirne

[Redacted]

6. Tuarascáil Airgeadais

[Redacted]

7. Comhionannas Deiseanna

[Redacted]

Aquisín A.I

Achoimre ar Ráitis Airgeadais 2006/2007

1. Réamhrá

1.1 Ráiteas an Chathaoirligh

Is deas liom an tuarascáil bhliantúil seo a chur i láthair do bhliain acadúil 2006-2007, tús an deichiú bliain den Institiúid. Lean borradh agus forbairt ag teacht ar an Institiúid laistigh den phobal áitiúil agus laistigh de thimpeallacht tráchtála na hÉireann tar éis gur forbraíodh Ciúb na Meán ('Meida Cube'), Ionad Fiontair na hInstitiúide agus le rannpháirtíocht na hInstitiúide sa NDRC.

Lean borradh ag teacht ar an Institiúid agus fás ag teacht ar líonta na mac léinn agus ar fhorbairt clár nua ag leibhéal iarchéime.

Is mian liom obair agus tiomantas mo chomhbhall den Chomhlacht Rialaithe le linn na bliana a aithint, go háirithe nuair a thosaíomar forbairt straitéise nua don Institiúid.

Ar deireadh thiar, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na hInstitiúide as ucht a dtiomantais don Institiúid agus is mian liom comhghairdeas a dhéanamh leo maidir lena gcuid éachtaí.

1.2 Ráiteas an Stiúrtóra

Is deas liom tréanfheidhmiúlacht a chur i gcuntas in uile limistéar an IADT sa tréimhse a chuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo. Leanann borradh ag teacht ar líonta mac léinn agus tá an t-éileamh ar áiteanna comhsheasmhach leis an uile chúrsa atá suibscríofa go hiomlán. Ba mhian liom tiomantas agus tacaíocht ár gcuid foirne agus mic léinn mar aon leis an rannpháirtíocht luachmhar lenár gcuid páirtithe leasmhara seachtracha agus leis an bpobal mór a aithint.

Cheiliúir an IADT a gcomóradh 10 mbliana an 1 Aibreán 2007 bheith mar chuid d'earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta. Cuireadh tús, i mbliana, le mórchlaochlú an champais nuair a tugadh chun críche agus nuair a osclaíodh Ciúb na Meán, ár n-ionad goir atá tiomanta do thionscnaimh mheán/mheán nua. Rinne Fiontraíocht Éireann 80% den chistiú a chur ar fáil don tionscadal seo agus tháinig an fuilleach trí cheangaltas Bhanc na hÉireann. Gabhann uasghrádú suntasach thírdhreachú agus shlánachar na teorann tosaigh le tabhairt chun críche Chiúb na Meán san obair réitigh a rinneadh don Mhórlána Bus a dhéanfaidh freastal ar an gcampas.

Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn mór i mbliana i gcomhoibriú idirinstitiúide agus rachaidh IADT i gcomhpháirt le TCD, DCU, UCD agus leis an NCAD i mbunú an Ionaid Náisiúnta um Thaighde Digiteach ('National Digital Research Centre') agus le DIT agus leis an NCAD i mbunú GradCAM, Scoil Chéimithe Ealaíne agus

Meán Cruthaitheach. Sa mhullach air sin, chuir tabhairt isteach an Chiste Nualaíochta Straitéisí dreasachtaí nua ar fáil do chomhoibriú ar fud an IoT agus na timpeallachta níos airde oideachais agus is cúis mhór sásaimh don IADT bheith mar chomhpháirtí gníomhach i líon tionscadal den saghas sin. Go hidirnáisiúnta, leanaimid orainn agus ár sciatháin á leathadh againn – osclaíodh naisc le comhghleacaithe i Singeapór agus thug daltaí den IADT cuairt ar Shingeapór le páirt a ghlacadh i Mórshiúl Chingay, an ceann is mó dá shamhail san Áise.

Molaim an tuarascáil seo duit mar thaifead ar éachtaí na bliana seo chuaigh thart, agus ina gcuimsítear forbairtí leanúnacha straitéiseacha a thiocfaidh faoi bhláth sna blianta amach romhainn.

1.3 Bunú na hInstitiúide

Bronnadh stádas féinrialaitheach ar Institiúid Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, ar comhcholáiste é de chuid VEC Dhún Laoghaire, de réir fhorálacha Achtanna na gColáistí Teicniúla, 1992-1994 le héifeacht ón 1 Aibreán 1997 ag Niamh Breathnach, T.D., an tAire Oideachais. Athraíodh ainm an Choláiste ag Ordú Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ó Eanáir 1998.

1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide

Fís:

Bheith mar an oideoir is mó in Éirinn don earnáil eolais, meán agus siamsaíochta.

Spriocanna:

- Bheith aitheanta mar institiúid uathúil, speisialtóra ardoideachais trí cháilíocht ár gcláir.
- ‘Tarmligean Údaráis le Gradaim a Bhronnadh’ a bhaint amach.
- Ár bpróifíl idirnáisiúnta a ardú trí mhalartuithe mic léinn agus foirne, trí thaighde agus forbairt agus trí chleachtadh gairmiúil sna healaíona amhairc agus meán.
- Tacú le forbairt fiontair.
- Ionad náisiúnta sármhaitheasa a bhunú sna scannáin agus i gcaoladh.
- Plean forbartha an champais a fhíorú go hiomlán, agus an campas a aithint mar shócmhainn dár mic léinn, dár bhfoireann agus don phobal níos fairsinge sóisialta agus gnó.

2. Rialachas

2.1 Comhlacht Rialaithe

2.1.2 Comhlacht Rialaithe – amhail an 31 Lúnasa 2007

Ceapadh an ceathrú Comhlacht Rialaithe d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíocta Dhún Laoghaire le haghaidh téarma cúig bliana ón 1 Aibreán 2006, gan beirt bhall mic léinn a cheaptar ar bhonn bliantúil a chur san áireamh. Thionóil an Comhlacht Rialaithe 11 uair sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2006 go dtí an 31 Lúnasa 2007.

Amhail a leanas is ea ballraíocht an Chomhlachta Rialaithe:

An tUas. David Harvey (Cathaoirleach)

An tUas. Jim Devine (Stiúrthóir)

An Comh. Niamh Bhreathnach (VEC Dhún Laoghaire)

An Comh. Donal Marren (VEC Dhún Laoghaire)

An Comh. Jane Dillon Byrne (VEC Dhún Laoghaire)

An tUas. William Dockrell (VEC Dhún Laoghaire)

An tUas. Mary Elliott (VEC Chontae Bhaile Átha Cliath)

An Comh. Eleanor Roche (VEC Chontae Chill Mhantáin VEC)

An tUas. Joe Byrne (ICTU)

An tUas. Jennifer Condon (Fiontraíocht Éireann)

An tUas. Patricia McKenna (An Chomhairle Ealaíon)

An tUas. Davitt Byrne (Ericsson)

An tUas. David Johnson (Google)

An tUas. Simon Perry (Bord Scannán na hÉireann)

An tUas. Keith Foran (Foireann Acadúil)

An tUas. Marion Palmer (Foireann Acadúil)

An tUas. Katie Hendrick (Foireann Neamhacadúil)

Baill Mhic Léinn den Chomhlacht Rialaithe (a cheaptar ar bhonn bliantúil)

An tUas. Chris Chapman [*an 1 Iúil 2006 go dtí an 30 Meitheamh 2007*]

An tUas. Sinéad O'Loughin [*an 1 Iúil 2006 go dtí an 30 Meitheamh 2007*]

An tUas. Adam Harrington [*an 1 Iúil 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2008*]

An tUas. Claire Weir [*an 1 Iúil 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2008*]

2.2 Foireann Shinsearach (*amhail an 31/08/07*)

Stiúrthóir	Jim Devine
Cláraitheoir	An Dr Annie Doona
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Bernard Mullarkey
Ceann na Forbartha	An Dr Marian O'Sullivan
Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach	Seán Larkin
Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha	Andrew Power
Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí	An Dr Josephine Browne
Ceann Roinn na hEalaíne agus an Deartha	Liam Doona
Ceann Roinn na Scannán agus na Meán (Aisteoireacht)	An Dr Maeve Connolly
Ceann Roinn na nEolaíochtaí Foghlama	Marion Palmer
Ceann Roinn na Teicneolaíochta	An Dr Mark Riordan
Ceann Roinn an Ghnó agus an Fhiontair	Therese Moylan
Ceann Roinn na nDaonnachtaí	An Dr Paula Gilligan
Leabharlannaí (Feidhmeach)	Fiona Heffernan
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Kevin Browne
Bainisteoir I.T.	Colm Hennessy
Bainisteoir Eastát agus Áiseanna	Grace Weldon
Bainisteoir Airgeadais	Conor Logan
Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn	David Doyle
Bainisteoir Seirbhísí Mac Léinn	Deirdre Judge
Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha	Tony Niland
Stiúrthóir Cruthaitheach, An Scoil Náisiúnta Scannán	Donald Taylor Black

3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn

3.1 Comhairle Acadúil

3.1.1 Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile trí huair ar a laghad sa bhliain agus is é an córam an tríú cuid den bhallaíocht. Rith an Comhlacht Rialaithe togra le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gComhairle Acadúil an 19 Meitheamh 2006 agus cheadaigh an Comhlacht Rialaithe an struchtúr nua an 6 Meán Fómhair 2006. Ina theannta sin, ceadaíodh athruithe ar bhallaíocht na bhFochoistí éagsúla.

3.1.2 Bhunaigh an Chomhairle Acadúil líon Fochoistí, amhail a leanas:

- An Focoiste um Bailíochtú Clár (An Buanchoiste roimhe seo)
- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste Taighde, Forbartha agus Idirchaidrimh Sheachtraigh
- An Fochoiste Leabharlainne, Faisnéise agus Acmhainní Foghlama
- An Fochoiste Disciplíneach
- An Fochoiste Achomharc

3.1.3 Amhail a leanas atá ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail an 31 Lúnasa 2007:

Baill Ex officio

<u>Ainm</u>	<u>Teideal</u>
Jim Devine	Stiúrthóir agus Cathaoirleach
An Dr Annie Doona	Cláraitheoir
An Dr Marian O'Sullivan	Ceann na Forbartha
An Dr Josephine Browne	Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Seán Larkin	Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Andrew Power	Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Fiona Heffernan	Leabharlannaí Cúnta (i mbun freastail)
David Doyle	Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
Chris Chapman	Oifigeach Oideachais, Aontas na Mac Léinn

Baill thofa

<u>Ainm</u>	<u>Teideal</u>
An Dr Justin Carville	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Amanda Ralph	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Pat Molloy	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Steve Woods	Acadóir Páirtaimseartha, Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Conor Heagney	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Denis Cullinane	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
An Dr Gráinne Elmore	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Sharon McGreevy	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí (freastal páirtaimseartha)
Francis McSwiggan	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Baill thofa (ar lean)

Ainm

Marion Palmer

Robert Griffin

Olivia Hurley

Rebecca Lee

Emmy Maher

Robert Ross

Joan Connolly

Teideal

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
(freastal páirtaimseartha)

Oifigeach na Mac Léinn

Mac Léinn, Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Mac Léinn, Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Mac Léinn, Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (páirtaimseartha)

3.2. Forbairtí Acadúla

Ceaduithe Nua Cláir ag an HETAC *

Diplóma Iarchéime Gnó i mBainistiú Imeachtaí Cultúrtha
MA i Staidéar Cultúir Phoiblí

3.3. Cláir Cheadaithe

3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2006/2007

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Ardteastas Ealaíon i gCraoladh Raidió

Ardteastas Ealaíon i Smideadh do na Scannáin, don Teilifís agus don Amharclann

Baitsiléir Ealaíon Deartha i nDéanamh Samhlacha do Scannáin agus do na Meáin

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Scannán agus Fístéipeanna

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Léiriúcháin

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Mhínealaín

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse

Máistir Ealaíon i Scríbhneoireacht Scáileáin

Máistir Ealaíon i gCleachtais Amharcealaíon

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Ardteastas Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmhéan

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmhéan

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Bonnteastas

Baitsiléir Gnó i bhFiontar

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistiú Ealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

Máistir Ealaíon i Staidéar Cultúir Phoiblí

*Déanann Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna gach ceann de na cláir thuasluaite a bhailíochtú **

3.3.2 Cláir Pháirtaimseartha – 2006/2007

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon (Modh ACCS)

Máistir Ealaíon i gCleachtais Amharcealaíon (Modh ACCS)

3.3.3 Cláir Nua Lánaimseartha atá ar tairiscint – 2006/07

Máistir Ealaíon i Staidéar Cultúir Phoiblí

3.4. Scrúdaitheoirí Seachtracha

3.4.1 Bliain Acadúil 2006/2007

CLÁIR SA GHNÓ AGUS SNA DAONNACHTAÍ

Baitsiléir Gnó i bhFiontar

An Dr Denis Harrington

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

An Dr Patrick Matthews
An tUas. Stephanie McBride

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistiú Ealaíon

An tUas. Patrick Ryan
An tUas. Éamonn Jordan
An tUas. Caroline O'Sullivan

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht

An Dr Denis Harrington

Bonnteastas

An Dr Maria Keeney
An tUas. Orla Hanratty
An tUas. Michele Keogh

CLÁIR SNA TEICNEOLAÍOCHTAÍ CRUTHAITHEACHA

Ardteastas Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Chlosamhairc

An tUas. James Wright

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán

An tUas. Thomas Dowling
An tUas. Deirdre Lillis

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach

An tUas. James Wright

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise

An Dr John McCarthy
An tOllamh Jan Noyes

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán

An tUas. Thomas Dowling
An tUas. Deirdre Lillis

CLÁIR SNA HEALAÍONA CRUTHAITHEACHA

Ardteastas Ealaíon i gCraoladh Raidió

An tUas. Pat Dunne

An tUas. Stephanie McBride

Ardteastas Ealaíon i Smideadh do na Scannáin, don Teilifís agus don Amharclann

An tUas. Christina Phelan-Yuan

An tUas. Stephanie McBride

Baitsiléir Ealaíon Deartha i nDéanamh Samhlacha do Scannáin agus do na Meáin

An tUas. David Burrows

An Dr Patrick Bereton

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Scannán agus Fístéipeanna

An tUas. David Collins

An Dr Debbie Ging

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Léiriúcháin

An tUas. David Burrows

An tUas. Catherine O'Hara

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Mhínealaín

An tUas. David Mabb

An Dr Christa Mia Lerm-Hayes

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan

An tOllamh Alastair McIllwain

An Dr Patrick Bereton

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht

An tUas. Arnaud Claas

An Dr David Bate

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc

An tUas. Tony Brook

MA i Scríbhneoireacht Scáileáin

An tUas. Harvey O'Brien

An tUas. Shane Connaughton

MA i gCleachtais Amharcealaíon

An tOllamh Terry Shave

3.5 Staitisticí faoi Mhic Léinn


3.5.1 Líonta Mac Léinn de réir Disciplíne 2006/2007

Disciplín	An 1ú Bliain	Bliant a eile	Iomlán
Ardteastas Ealaíon i gCraoladh Raidió	-	19	19
Ardteastas Ealaíon i Smítheadh do na Scannáin, don Teilifís agus don Amharclann	-	19	19
Ardteastas Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc	42	23	65
Bonnteastas	10	-	10
Baitsiléir Ealaíon Deartha i nDéanamh Samhlacha do Scannáin agus do na Meáin	25	41	66
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán	53	59	112
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach	-	13	13
Baitsiléir Gnó i bhFiontar	57	56	113
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Scannán agus Físteipeanna	-	23	23
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Léiriúcháin	-	7	7
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Mhínealaín	-	29	29
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan	27	60	87
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	22	55	77
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc	26	73	99
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon	54	76	130
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse	30	49	79
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise	56	78	134
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán	-	22	22
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha	60	138	198
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht Ealaíon	54	118	172
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht	-	34	34
Máistir Ealaíon i Scríbhneoireacht Scáileáin	-	7	7
Máistir Ealaíon i gCleachtais Amharcealaíon	-	10	10
Máistir Ealaíon i Staidéar Cultúir Phoiblí	-	13	13
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon (ACCS)	17	34	51
Máistir Ealaíon i gCleachtais Amharcealaíon (ACCS)	-	20	20
IOMLÁN	532	1077	1609

NB Ní áirítear leis na figiúirí thuas rolluithe don 'Mháistir i Staidéar Gnó' nó don 'Mháistir Eolaíochta' trí Thaighde


Rolluithe Mic Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINÉANN	IOMLÁN
Ardteastas	44	9	52
Gnáthchéim Bhaitisiléara	92	43	135
Céim Bhaitisiléara Onóracha	153	176	329




Líonta Foriomlána Mic Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINÉANN	IOMLÁN
Ardteastas	66	37	103
Gnáthchéim Bhaitisiléara	210	94	304
Céim Bhaitisiléara Onóracha	498	593	1091
Máistir	13	22	35




Líonta Foriomlána Mic Léinn Pháiraimseartha de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINÉANN	IOMLÁN
Céim Bhaitisiléara Onóracha	9	42	51
Máistir	3	17	20



Céimithe Samhain 2006 agus Aibreán 2007 de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINÉANN	IOMLÁN
Ardteastas	12	9	21
Gnáthchéim Bhaitsiléara	63	97	160
Ardhchéim Bhaitsiléara Onóracha	106	126	232
Máistir	12	23	35



3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn

3.6.1 Duaiseanna/Éachtaí na Mac Léinn – 2006/2007

Taispeántas Saothair

Bhí taispeántas saothair ar siúl ag Beatrice McMahon (MA i gCleachtas Amharcealaíon) i nDánlann Shráid Lemon i Meán Fómhair 2006.

Tráchtas Deartha Fochéime an Chumainn Staire

Bhuaigh JP Hartnett (fochéimí de na Meáin Idirghníomhacha 2005/06) an comórtas 'Tráchtas Deartha Fochéime an Chumainn Staire' inar ghlac an RA agus Éire páirt i Meán Fómhair 2006. Moladh go mór a thráchtas 'Derrida By Default: Wolfgang Weingart and the (Accidental) Deconstruction of Swiss Typography' mar 'shárshaothar' de chomórtas 2006.

Féile Scannán Chorcaí

Ina theannta sin, bronnadh Gradam Clare Lynch ar scannán Sam Keogh 'Wednesday' (céimí Beochana) do Ghearrscannáin Éireannacha Stiúrthóirí Céaduaire i nDeireadh Fómhair 2006.

Ollscoil na Veinéise

D'éirigh le Eve Geddie (Staidéar Meán agus Staidéar Cúlúrtha, 2004) a céim a bhaint amach – Máistir Eorpach i nDlí Cearta Daonna ag Ollscoil na Veinéise i nDeireadh Fómhair 2006. Roghnaíodh a thráchtas "The 'De' and 'Re' Construction of Prisoner's Identity", mar cheann de chúig thráchtas le foilsíú ag Marsilio Editori sa Veinéis.

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí – Gradam Mhac Léinn na Bliana

Ag searmanas bliantúil bronnta IADT i Samhain 2006, bhain Nicole Hoyne, Carol Brown, Patrick Schmidt, Caroline Bracken, Kevin Wallace, agus Deirdre Stapleton go léir Gradam Bonn Óir amach, agus bhain Jacinta Fay Gradam Sármhaitheasa amach.

Gradam Baitsiléir Gnó Margaíochta RHM Ireland

Bronnadh Gradam Baitsiléir Margaíochta (Onóracha) RHM Ireland ar Sharon Lynch i Samhain 2006.

Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin

Bronnadh Gradaim Mhic Léinn an DLRCEB ar Nicola Hoyne, Helen Mellett, Orla Lacy agus Therese Walley i Samhain 2006.

Gradaim Chomhaltacht Nuachtáin

Bronnadh Gradaim Chomhaltacht Nuachtáin ar Nicola Hoyne, Daryl Carolan, David Tully, Ciara Ryan, Brian O'Leary, Carol Browne, Fiona Dunne agus Justin Haycock i Samhain 2006.

Gradaim Bonnteastais Deloitte

Bronnadh Gradam Éachta Deloitte ('Achievement for Effort') ar Noreen O'Sullivan, agus bronnadh Gradam Éacht Iarrachta ar Zubeyde O'Leary i Samhain 2006.

Gradaim Mhac Léinn na Bliana

Bronnadh Gradaim Mhac Léinn na Bliana ar na mic léinn a leanas de Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ag searmanas bronnta Shamhain 2006:

- Gerard Hughes [BSc (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán]
- Barbara Calley (BSc i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán)
- Andrea Curtis [BSc (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise]
- Shane Connaughton (Ardteastas i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc)
- Darragh Bambrick (Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach)

Gradam HIAP

Bronnadh gradam cónaitheachta Chlár Ealaíontóir Idirnáisiúnta Chónaitheach Heilsincí (HIAP) ar Sonia Shiel i Nollaig 2006. D'éascair an deis seo mar thoradh ar chomhpháirtíocht phiolótach idir Dánlann agus Stiúideonna Bharra an Teampaill agus an HIAP. Rinne Sonia ionadaíocht do Dhánlann agus Stiúideonna Bharra an Teampaill sa chéad chéim de thionscadail um malartú ealaíontóra idir Éirinn agus an Fhionlainn ar cuireadh tús leis i bhFeabhra 2007.

Taispeántas Bliantúil Concourse

Thaispeáin mic léinn chéime Scoil na nEalaíon Cruthaitheacha a gcuid saothar ag an Taispeántas Bliantúil Concourse a bhí ar siúl i Halla Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i nDún Laoghaire in Eanáir 2007. Is éard a bhí i gceist leis an ngrúpthaispeántas saothair mheasctha mheán ag ealaíontóirí úra spreagúla dar teideal 'I use my easel to hang my hat'.

Gradaim Kodak

Bronnadh céadonóracha ar Eoin McLoughlin i gcineamatagrafaíocht ag Gradaim Kodak i bhFeabhra 2007.

Gradaim Bhlaganna na hÉireann

Bhuaigh Alan Quigley an Físteilgean Is Fearr dá léiriú gearr 'Size Matters' ag Gradaim Bhlaganna na hÉireann i bhFeabhra 2007.

Taispeántas Griangrafadóireachta an 2ra Bliana

Bhí taispeántas ar siúl ag mic léinn Ghrafadóireachta na Dara Bliana dá gcuid saothar ag Stiúideonna Broadstone ón 10 go dtí an 16 Bealtaine 2007.

MAVIS/IADT @ Studio 6

Le linn shamhradh 2007, chuir mic léinn MA i gCleachtais Amharcealaíon (MAVIS) obair nua i láthair agus choimeáid siad taispeántais ag Studio 6, Dánlann agus Stiúideonna Bharra an Teampaill.

Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2007)

Bhuaigh 'The Red Ball' (Stiúrthóir: Alan Holly), gradam RTÉ na Beochana Giorra is Fearr le 'Getting Round' (Stiúrthóir: Chris O'Hara) sa dara háit agus Luadh go Speisialta 'Cúpla' (Stiúrthóir: Eamonn O'Neill) dá stíl agus dá ábhar bunúil. Sa mhullach air sin, bhuaigh 'The Red Ball' an gradam don Bheochan Ghearr Is Fearr agus tháinig 'The Crumblegiant' le John McCloskey sa dara háit agus Luadh go Speisialta 'Ding Dong Denny's History of Ireland' dá úsáid teicneolaíocht 3D.

Habitat for Humanity

Thaistil cúigear mac léinn IADT go dtí an tSíle le Habitat for Humanity, eagraíocht neamhbhrabúsach dhomhanda a oibríonn i gcomhpháirtíocht le teaghlaigh óna dteastaíonn fothain agus tugann siad cúnamh dóibh maidir le tithe a thógáil. Ba iad Sara Cummins, Della Kilroy, Carol Hanlon agus Emma Mundy na mic léinn a ghlac páirt (Mic Léinn Bhéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha sa Tríú Bliain) agus Michael Edge (Scannán/Teilifís an Cheathrú Bliain). Iarradh ar na mic léinn airgead a bhailiú le híoc as a n-eitiltí féin etc. sular ghlac siad páirt sa tionscadal.

3.7 Seirbhísí agus Áiseanna na Mac Léinn

3.7.1 Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (SSC)

Bunaíodh Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (SSC), le comhbhallraíocht mac léinn agus foirne, i nDeireadh Fómhair 1998 le cláir agus le seirbhísí éagsúla a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm atá meáite ar an deis a thabhairt do mhic léinn a lánchumas acadúil agus pearsanta a bhaint amach. Tá an SSC cistithe ag an muirear bliantúil caipitíochta mic léinn agus ag na tacaíochtaí a leanas (ní liosta críochnaitheach é seo):

- Seirbhís leighis (Dochtúir agus Banaltra)
- Seirbhís comhairleoireachta
- Seirbhís um chomhairle gairmeacha
- Oifigeach Spórt agus Caitheamh Aimsire
- Ceardlanna Scríbhneoireachta agus Scileanna Taighde
- Aontas na Mac Léinn
- Clubanna agus Cumainn

Sa mhullach ar an méid thuas, oibríonn an SSC Ciste Lánrognach le cúnamh a thabhairt do mhic léinn ag a bhfuil deacrachtaí airgeadais. Caitear leis an uile iarratas go hiomlán faoi rún.

Réitíonn seirbhísí laistigh de shainchúram an SCC tuarascáil bhliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí don bhliain gach bliain. Cuireadh i láthair Tuarascálacha Bliantúla ó Sheirbhísí na Mac Léinn don bhliain 2005/2006 don Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmeannaigh an 5 Feabhra 2007 agus rinne siad nóta de seo. Sonraítear thíos na príomhphointí ó na tuarascálacha sin:

An Oifig Rochtana:

Amhail a leanas iad na mic Léinn an tháinig i láthair don tSeirbhís:

- B'ionann €58,000 Ciste Cúnaimh na Mac Léinn don bhliain 2006/2007, agus leithdháileadh é in aghaidh an duine
- Fuarthas 110 iarratas ar chúnamh trí Chiste Cúnaimh na Mac Léinn i Samhain 2006, agus 140 iarratas sa bhreis air seo i bhFeabhra 2007
- Tháinig méadú ar an líon mic léinn a dhearbhaigh go raibh siad faoi mhíchumas ó 65 in 2005/2006 go dtí 85 in 2006/2007 as a bhfuair 55 cistiú
- B'ionann €124,520 liúntas an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas in 2006/2007
- Fuair an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas 16 iarratasóir céaduaire, 7 n-iarratasóir dhéanacha agus 32 iarratas leanúnach
- Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2006/2007 maidir le gnáthscair na rochtana a chomhtháthú isteach i mbeartas croíchistithe HEA. Faoin tSamhail Leithdháilte Deontais Athfhillte, gheobhaidh gach institiúid shainithe HEA breis cistiú bunaithe ar na líonta mic léinn arna rollú ar baill iad de ghrúpaí a ndéantar gannionadaíocht dóibh. Tá na socruithe nua croíchistithe in ainm is a chinntiú go gcuirtear fáil ar chistiú leanúnach nó cuí do sholáthar seirbhísí

bonnlíne laistigh de HEIanna do grúpaí a ndéantar gannionadaíocht dóibh. Cé nach ann do shonraí cuimsitheacha faoi phróifíl na mac léinn in ardoideachas, faoi láthair, i mbliain acadúil 2007/2008 atá amach romhainn, agus i mblianta dá éis sin, ceanglófar ar an uile institiúid ardoideachais atá faoi chistiú poiblí sonraí socheacnamaíocha, eitneacha agus míchumais a bhailiú ar an uile iontrálaí nua ar ardoideachas. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil don HEA mar chuid den tuairisceán bliantúil sonraí trí Chóras Taifid na Mac Léinn.

- Ghlac ochtó mac léinn ó scoileanna áitiúla dara leibhéal DEIS (Clár Comhionannais Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh), lenar áiríodh Pobalscoil Bhaile an tSaoir, Pobalscoil Chabán tSile, Pobalscoil an Linbh Naofa an Naigín, Pobalscoil Naomh Tiarnáin, Coláiste Naomh Labhrás agus Pobalscoil Naomh Tomás, Bré, i ngníomhaíochtaí ar an gcampas, lenar áiríodh Lá Blaiste Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (Leictreonaic Dhigiteach agus Síceolaíocht), Lá Scáthaithe Scoil na nEalaíon Cruthaitheach, Seachtain Fiontair agus Lá Blaiste Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí (Staidéar Gnó agus na Meáin)
- Leanann an Oifig Rochtana le tacú le forbairt nasc ag leibhéal an phobail, lena n-áirítear nasc le Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Aonad Cuimsithe Shóisialta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Oifig Oideachais Daoine Fásta VEC Dhún Laoghaire, an "Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideacás – Ár gCumas a Fhiosrú 2" a leantar á chur ar fáil gach seachtain ar an gcampas do dhaoine fásta ag a bhfuil deacrachtaí foghlama, Seirbhísí Carmona ag Teach an Dúin Mhóir.

Teicneolaíocht Chúnta:

- Leanann an Teagascóir Teicneolaíochta Cúnta agus oiliúint, cúltaca agus tacaíochta a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumais. Méadaíodh an tseirbhís go dtí dhá lá sa seachtain agus is cuid ríthábhachtach agus lárnach den tseirbhís speisialta tacaíochta í.
- Úsáideann an mhórchuid de mhic léinn a fhaigheann rochtain ar an tseirbhís seo ríomhairí glúine agus bogearraí tiomanta Teicneolaíochta Cúnta.
- Gné leanúnach den tseirbhís seo is ea taighde ar theicneolaíochtaí nua agus feabhsaithe cúnta.

Seirbhís Comhairleoireachta: Tuarascáil Bhliantúil:

- Ghlac 95 mac léinn le conradh síciteiripeach – méadú réidh ar líon na n-atreoruithe mic léinn. Ba 4-8 seisiún meánfhad an chonartha.
- Tairiscíodh 423 comhairleoireacht dhíreach mhic léinn le linn an téarma acadúil a mhair idir 30 nóiméad agus 2 uair an chloig.

Seirbhís Altranais: Tuarascáil Bhliantúil:

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ar an bhfód i mbun oibriú don 8ú bliain, agus cúram leighis agus altranais ar an gcampas á chur ar fáil do mhic léinn chláraithe IADT.
- Cuireadh 2,753 comhairleoireacht ar an iomlán ar fáil do mhic léinn le linn bhliain acadúil 2006/2007. B'othair fhireanna iad 687 agus b'othair bhaineanna iad 2,066 de na comhairleoireachtaí othair.

Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

- Bhain an chuid is mó de na comhairleoireachtaí le Pleanáil Clainne/fadhbanna craicinn/slaghdáin/fliú agus d'ionfhabhtuithe eile deistapaíocha.

Seirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde: Tuarascáil Bhliantúil:

- Cuireann an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde cúnamh ar fáil do mhic léinn atá thíos thíos le deacrachtaí ar leith, cuireann siad réimse seimineár ar fáil ar ábhair bhuartha don uile mhac léinn, agus do mhic léinn le deacrachtaí sonracha foghlama agus le Disléicse.
- I limistéar mic léinn ag a bhfuil deacrachtaí sonracha foghlama/disléicse, cuireann an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde seirbhís speisialta ar fáil a chinntíonn gur féidir le mic léinn dul i ngleic leis an gcuraclam chomh héifeachtach agus is féidir agus a lánchumas a bhaint amach. Baintear seo amach trí sholáthar cláir chúiteacha tacaíochta a shaincheaptar ar leithligh.
- I measc na seimineár a tairiscíodh bhí seimineáir maidir le glacadh nótaí, teicníochtaí léimh, scríobh aistí, tagairt de stíl acadúil, scileanna taighde, bainistíocht ama, pleanáil, socrú spriocanna, spriocdhátaí, teicníochtaí scrúdaithe, scileanna um chur i láthair agus seimineáir chlárshonracha.
- Méadaíodh feasacht ar na seirbhísí Scríbhneoireachta agus Taighde trí chur chun cinn méadaithe, go háirithe le linn na seachtaine ionductúchain do mhic léinn nua den chéad bhliain a bhí ag teacht chun an champais den chéad uair.
- Méadaíodh feasacht ar na seirbhísí Scríbhneoireachta agus Taighde i measc na foirne acadúla as ar eascair atreoruithe méadaithe mic léinn chuig an tseirbhís.
- B'ann do laghdú beag ar líon na mac léinn chéad bhliana le clárú SpLD leis an tSeirbhís le linn 2006/2007, níor tháinig aon athrú ar an líon foriomlán mic léinn a rochtain an tseirbhís, áfach
- D'éascair laghdú ar amanna feithimh do mhic léinn a bhí ag dul sa tóir ar thacaíocht rang teagaisc as méadú ar an bhfáil ar an tseirbhís WRSS le linn 2006/2007
- Sa mhullach ar thacaíocht speisialta, cuireann an WRSS seirbhís sciata ar atreorú ón bhfoireann ar fáil d'fhonn soiléiriú céard a d'fhéadfadh bheith i gceist le deacrachtaí mac léinn. Teastaíonn measúnú iomlán ag síceolaí oideachasúil go fóill chun diagnóis chríochnaitheach Disléicse/SpLD a thabhairt
- Ba do mhic léinn a bhí cláraithe leis an WRSS ag a raibh deacrachtaí sonracha foghlama 66% den uile choinne in 2006/2007.

Seirbhís um Chomhairle Gairmeacha: Tuarascáil Bhliantúil:

- I measc obair na Seirbhíse um Chomhairle Gairmeacha tá cruinnithe duine ar dhuine le mic léinn, fiosrúcháin mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus cur i láthair gairmeacha. Is éard a chuireann an Clár um Oideachas Gairmeacha ar fáil cur i láthair i rith am lóin agus cainteoirí ar cuairt, teagmháil le fostóirí, lena n-áirítear mic léinn agus céimithe a chur ar an eolas faoi dheiseanna poist, Aonaigh Ghairmeacha do Chéimithe, forbairt bunachair shonraí le teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú, Suirbhéanna faoi Spriocanna Céimithe.
- Tháinig laghdú ar choinní comhairleoireachta gairmeacha duine ar dhuine nach mór faoi 30% chuig 172 don bhliain, inar cumhdaíodh limistéir ar nós cuardach poist, CVanna, iarratais agus agallaimh

Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

- Lean próifíl na Seirbhíse um Chomhairle Gairmeacha á ardú laistigh den Institiúid trí chur chun cinn na seirbhíse do mhic léinn trí láithreán gréasáin Aontas na Mac Léinn, cláir fógraí, Nuachtlitreacha agus Bunachar Sonraí na gCéimithe
- Tairiscíonn an Clár um Oideachas Gairmeacha meascán de léachtanna i rith am lóin agus cur i láthair díreach do ghrúpaí ranga.
- Lean forbairt á déanamh ar an mbunachar sonraí Céimí agus Fostóra atá faoi stiúir na Seirbhíse um Chomhairle Gairmeacha le cumarsáid leanúnach a éascú le céimithe agus le fostóirí.
- Tugadh faoin gcéad *Suirbhé faoi Spriocanna Céimithe* dá shamhail a dhéanfar ar bhonn bliantúil.

3.7.2 Aontas na Mac Léinn

Bunaíodh Aontas na Mac Léinn i Samhain 1998 ag an Institiúid le hionadaíocht a dhéanamh do leas mic léinn agus iad i mbun a gcuid cúraimí le húdarais na hInstitiúide, agus le beatha shóisialta agus chultúrtha na mac léinn a bhreisiú ar an gcampas. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe leis an USI. Ba iad Chris Chapman agus an tUas Sinéad O'Loughlin, faoi seach, an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán do bhliain acadúil 2006/2007.

4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

4.1 Gníomhaíochtaí Forbraíochta

4.1.1 Forbairtí Ginearálta

Beartas Fála – Cheadaigh an Comhlacht Rialaithe Beartas Fála don Institiúid arna nuashonrú ag a gcruinniú an 6 Meán Fómhair 2006. Bunaíonn an beartas an creat do chur chuige comónta i leith ceannaigh in IADT agus sonraítear ann cuspóirí agus prionsabail na fála. Cuireadh oiliúint chuimsitheach ar fáil ar an mbeartas nuashonraithe don fhoireann i Márta 2007.

Na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 – Tháinig an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 i bhfeidhm an 1 Feabhra 2007. D’aistrigh an reachtaíocht nua freagracht as cistiú do na hInstitiúidí Teicneolaíochta (lena n-áirítear DIT) ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chuig an Údarás um Ard-Oideachas.

Ciste Nuálaíochta Straitéisí – I nDeireadh Fómhair 2006, d’fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta tionscadail a bheadh le cistiú faoin gcéad chúrsa den Chiste Nuálaíochta Straitéisí, lena n-áiríodh ceithre thionscadal ina raibh IADT ina gcomhpháirtí comhoibrithe:

- Togra ar fud na hearnála leis an timpeallacht foghlama a fhorbairt le freastal ar riachtanais fhoghlaimoírí an lae inniu (13 Institiúid Teicneolaíochta agus DIT).
- Teicneolaíochtaí Foghlama (Príomh-Institiúid – ITT, agus comhábhar sonrach maidir le teicneolaíochtaí cúnta á chur ar fáil ag IADT).
- Fiontar/fiontraíocht á neadú i gcláir (Príomh-Institiúid – GMIT).
- Oiliúint ghairmiúil do mhaoirseoirí taighde iarchéime (Príomh-Institiúid – IT Sligeach)

Seoladh an chéad nuachtlitir tionscadal eárnála SIF i sraith nuachtlitreacha i samhradh 2007.

Athbhreithniú ar 'FutureProof' – cuireadh tús le próiseas le hathbhreithniú a dhéanamh ar 'FutureProof', Plean Straitéiseach IADT 2003-2008, agus le plan nua straitéiseach cúig bliana 2008-2012 a bhunú, go luath in 2007. Leagadh an cúram ar Jane Williams de Ghrúpa Sia leis an bpróiseas seo a éascú lena raibh comhairleoireacht chuimsitheach i gceist le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. Is é Feabhra 2008 an dáta comhairleoireachta don phróiseas seo.

An Taisclann Náisiúnta Foghlama Digití (NDLR) – Tionscnamh atá sa NDLR atá faoi chistiú an HEA ina nglacann an uile ollscoil agus Institiúid Teicneolaíochta páirt. Tá IADT ina rannpháirtí gníomhach sa tionscnamh seo, trí Deirdre Judge, atá ina cathaoirleach ar an ngrúpa stiúrtha náisiúnta. Is í sprioc an NDLR taisclann

d'acmhainní digitithe foghlama a chruthú ar féidir í a roinnt leis an uile institiúid. Tá súil leis go mbeidh ag an NDLR cearta cómhalmartacha leis an gcartlann choibhéiseach i gcóras ardoideachais na RA, a thugann rochtain d'fhoireann ar réimse nach mór gan chuimse d'acmhainní lena n-úsáid i bhforbairt agus i dtacaíocht a gclár. Ba thionscadal a tugadh chun críche faoi na Tionscadail Nuálaíochta Samhraidh an chéad fhiontar faoinar thug IADT a chuir leis an NDLR. Rinneadh tionscadal 'Lítearthacht Faisnéise' a sheachadadh tar éis comhoibriú le DIT. Ba DIT an té a chruthaigh ant-ábhar, agus chuir foireann IADT an dearadh graificí agus an bheochan leis na hábhair dheiridh.

An tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) – Fuair IADT cead ón Roinn Oideachais agus Eolaíocht i Meán Fómhair 2006 chun scair a thógáil sa chuideachta ag a raibh an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) á reáchtáil. Cheadaigh Comhlacht Rialaithe IADT i Samhain 2006 iontráil na hInstitiúide isteach i gComhaontú Bhaill an NDRC, comhaontú dlíthiúil idir UCD DCU, TCD, NCAD agus IADT, a chruthaíonn oibleagáid chonartha dá chéile agus don NDRC Ltd. Chomhaontaigh an Bord, freisin, go bhfeidhmeoidh an tUachtarán mar scairshealbhóir neamhspleách IADT laistigh den NDRC.

4.1.2 Tionscadail

Pacáiste um Fheasacht ar Dhúlagar – Sheol an tUas. Mary Hanafin, T.D., an tAire Oideachais agus Eolaíochta, 'Pacáiste um Fheasacht ar Dhúlagar', a dhear an céimí Rachel Prendiville, do mhic léinn agus do dhaoine óga an 29 Eanáir 2007. Chuir an seoladh seo deireadh le seachtain imeachtaí a dearadh le sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc na mac léinn.

Uasghrádú an Líonra Ríomhairí – Thug IADT conradh do BT Ireland agus do CISCO bonneagar nua ardluais champais a chur ar fáil i samhradh 2007. Áiríodh leis seo uasghrádú an líonra gan sreang, a chruthaigh breis luais, feidhmiúlachta agus iontaofachta.

Tionscadal Gateway – Sheol Mary Davis Tionscadal Gateway [Treoir do Theicneolaíochtaí Cúnta in Oideachas agus san Ionad Oibre a Chuireann Daoine Faoi Mhíchumas Chun Cinn ('Guidance for Assistive Technologies in Education and the Workplace Advancing Young People with Disabilities')] go hoifigiúil an 20 Meán Fómhair 2006. Tionscadal taighde Eorpaigh is ea an tionscadal seo atá faoi chistiú chlár Leonardo da Vinci. Bhí IADT mar thionscnóir agus mar cheannaire tionscadail ar an tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha an Luain, Enable Ireland, Net, Ollscoil Liúibleána (an tSlóivéin) agus Ollscoil Theicniúil Kosice (an tSlóvaic). Seoladh láithreán gréasáin le feasacht a mhúscailt i measc ógánach, cleachtóirí oideachais agus treorach, agus fostóirí réimse Teicneolaíochtaí Cúnta ar a bhfuil fáil agus ar na bealaí inar féidir leo é a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas a lánchumas a bhaint amach.

Tionscadail Nuálaíochta Samhraidh – D’oibrigh mic léinn IADT ar 10 dtionscadal nuálaíochta ar an iomlán thar thréimhse deich seachtaine ó Mheitheamh go dtí Lúnasa. Thosaigh nó chistigh gníomhaireachtaí seachtracha trí de na tionscadail seo, agus chuir IADT tús leis an bhfuilleach díobh. Rinne Marion Palmer na tionscadail a chomhordú agus bhí Audrey Stenson ina bainisteoir tionscadail orthu. Tarraingíodh mic léinn ó líon clár, lenar áiríodh Síceolaíocht, Ríomhchlárú Ilmheán, Scannán/Teilifís agus Cumarsáid Amhairc.

PRTL – Bhí an rath ar an tionscadal GradCAM (Scoil Chéimithe na nEalaíon Cruthaitheach agus na Meán), i gcúrsa PRTLÍ le déanaí agus fuair siad cistiú de bhreis agus €2 milliún. Comhpháirtí comhoibrithe is ea IADT sa tionscadal seo, atá faoi stiúir DIT agus an NCAD. Is iad príomhspríocanna an tionscadail deiseanna a chruthú do staidéarachtaí cleachtadh-bhunaithe PhD agus le caidre de mhaoirseoirí acadúla a fhorbairt laistigh de na trí institiúid i mBaile Átha Claithe le láithreachtaibh bunaithe cheathrú leibhéal de sheasamh idirnáisiúnta a chinntiú sna healaíona cruthaitheacha agus sna meáin.

4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha

Dealagáid Institiúid an Oideachais Theicniúil – Bhí IADT mar óstach ar dhealagáid ón Institiúid Oideachais, Sineagóir i Meán Fómhair 2006. Díríodh, le linn a gcuairte, ar nasc-scéimeanna le coláistí eile.

Mórshiúl Chingay – Bronnadh deontas ar IADT, mar aon le Féile Naomh Pádraig agus Buí Bolg i Meán Fómhair 2006 ó Culture Ireland le beirt foirne agus grúpa mic léinn ó chlár Dhéanamh Samhlacha, Scannán agus Bhainistíochta Ealaíon a sheoladh chuig Singeapóir chun páirt a ghlacadh i Mórshiúl Chingay i Sineagóir le Bliain Nua na Síne a cheiliúradh. Ina theannta sin, thug líon foirne d’IADT cuairt ar Shingeapóir i bhFeabhra 2007 i dtaca le rannpháirtíocht mic léinn IADT, féachaint chun naisc a bhunú le coláistí. I measc na gcoláistí ar tugadh cuairt orthu bhí LaSalle-SIA, Temasek Plytechnic, MDA, Ngee Anne Polaiticnic, Nanyang Polaiticnic agus NTU.

Cuairt Temasek Polaiticnic – Thug Temasek Polaiticnic cuairt ar IADT i mBealtaine 2007 le breis plé a dhéanamh agus cuireadh tús leis seo i bhFeabhra 2007.

AN NFS agus Acadamh Scáileáin (‘Screen Academy’) na hAlban – Baineadh comhaontú amach idir an Scoil Náisiúnta Scannán agus Acadamh Scáileáin na hAlban ag Ollscoil Napier i Samhain 2006, lenar bhain comhthionscadail mhic léinn agus malartuithe foirne.

Tionscadal FÍS – Tá an tionscadal seo faoi chistiú AIB agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, agus is é an cuspóir atá aige tabhairt isteach scannán agus déanamh scannán sa churaclam i mbunscoileanna – agus leas á bhaint as teicníochtaí físteipe digití agus eagarthóireachta digití le múinteoirí agus le daltaí i

Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

mbunscoileanna. Samhail chomhoibrithe atá sa tionscadal seo ina bhfuil baint ag Ionad Oideachais na Carraige Duibhe agus an líonra náisiúnta d'Ionaid Oideachais, an NCTE, an NCCA, an IFI agus an Mol Digiteach.

Féile Scannán FÍS – Thit an chéad fhéile de chuid Fhéile Scannán FÍS amach i Samhain 2005, agus thit sí amach arís i Samhain 2006. Ceiliúradh atá san fhéile ar chruthaitheacht agus ar shamhlaíocht pháistí agus mhúinteoirí i Scoileanna na hÉireann. Cruthaíonn scoileanna ar fud na hÉireann gearrscannáin ó bheochan, chlár faisnéise agus ó dhrámaí oideachasúla san imeacht bliantúil. Tugtar cuairt do líon scoileanna ansin teacht chuig Féile FÍS agus chuig Searmanas Bronnta Gradam Scannán Scoileanna na hÉireann.

4.3 Forbairt an Champais

Bliain Acadúil 2006-2007

METNS

Shínigh IADT agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Meabhrán Tuisceana i Márta 2006 a chuir suíomh dhá acra ar fáil chun foirgneamh bunscoile a thógáil do Scoil Náisiúnta 'Educate Together' i mBaile na Manach. Mar chúiteamh ar an suíomh seo, thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi oibreacha bonneagracha ar champas IADT, agus chuir siad faiche imeartha uile aimsire ar fáil. Chinn Aontas na Mac Léinn uasghrádú ar a dhéanamh ar dhromchla na faiche seo óna gcuid cistí féin. Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cead pleanála don tionscadal seo faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i nDeireadh Fómhair 2006 agus ceadaíodh é an 24 Eanáir 2007.

Ciúb na Meán

D'oscail an tAire Mícheál Martin, an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Ciúb na Meán an 28 Márta 2007. Cheadaigh an Comhlacht Rialaithe na chéad 12 chuideachta leis an gciúb a áitiú an 4 Aibreán 2007.

An Scoil Náisiúnta Scannán

Chuir an Coiste Forbartha don Scoil Náisiúnta Scannán (NFS) tús le feachtas bailithe cistí i Márta 2007 agus é ina sprioc €2.5 milliún a bhailiú thar thréimhse trí bliana. Rachaidh an cistiú seo i dtreo an chostais chun trealamh ar chur i bhfoirgneamh nua an NFS, nuair a chuirfear i gcrích é. Áirítear le Grúpa Forbarttha an NFS baill sheachtracha, James Morris [TV3/Windmill Lane, Cathaoirleach Bhord Scannán na hÉireann], Clare Duignan [RTÉ], James Hickey [Matheson Ormsby Prentice], Joan Egan [Tyrone Productions] agus Morgan O'Sullivan [World2000]. Fuair an NFS cistiú deontais in 2007 ó Bhord Scannán na hÉireann le costas sraith léachtanna fairsingithe a fhrithghealladh.

Tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP)

Chuir an Institiúid fírinne sonrach ar aghaidh do gach ceann de na trí thionscadal tógála i bhFeabhra 2007 a cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta do chistiú trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha. Is éard a bhí i gceist leis seo 'anailís ilchritéar' agus theastaigh sé ón Roinn agus ón aonad náisiúnta PPP araon. Chas Stiúrthóir, Rúnaí/Rialtóir Airgeadais agus an Bainisteoir Eastát leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le forbairtí campais a phlé.

4.4 Bainistíocht Sábháilteachta agus Seirbhísí

4.4.1 Sábháilteacht

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmeannaí ar an uile ghné de shábháilteacht, sláinte agus leas, maidir le foireann, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí. Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí agus ar bhallraíocht an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta i Meán Fómhair 2006. Rinneadh seisear ball foirne, mac léinn amháin agus ball amháin foirne seachtraí a ainmniú, bunaithe ar a dtaithe. Thit an chéad chruinniú den Choiste nua amach an 15 Meitheamh 2007.

5. Pearsanra

5.1 Líonta Foirne

Meánfhoireann fostaithe de réir catagóra ag deireadh na bliana amhail an 31 Lúnasa 2007:

	<u>2006/07</u>
Acadúil - lánaimseartha agus pro rata	104
- páirtaimseartha (WTE)	26
Taighde	27
Riaracháin (lena n-áirítear Feidhmeannach)	63
Tacaíocht Theicniúil	15
Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>25</u>
Iomlán	<u>260</u>

5.2 Éachtaí na Foirne

5.2.1 Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Bronnadh deontais ar Donald Taylor Black, Cathal Black agus Philip Davison ag an gComhairle Ealaíon faoin scéim 'Documenting the Arts'. (Meán Fómhair 2006)

Thaispeáin Lynda Devenney a saothar dar teideal 'Digital Fringe' ag Féile Frainse Melbourne (Meán Fómhair 2006).

Ghlac Kathlenn Moroney páirt i dtaispeántas tuarais Cheirmeacht Chomhaimseartha na hÉireann ('Irish Contemporary Ceramics') agus ba é ceann scríbe an tuarais Músaem na hÉireann (Meán Fómhair 2006)

Ghlac Mark Joyce páirt sna taispeántais a leanas:

- 126 Presents... ag Ionad Ealaíon na Gaillimhe (Meán Fómhair 2006)
- 'VOLTAshow03' ag Ultra Brag, Basel (Meitheamh 2007)

Thaispeáin David Farrell a shaothar i nDánlann na Griangrafadóireachta (Deireadh Fómhair 2006)

Ghlac an Dr Anne Burke páirt i dtaispeántas grúpa i Músaem Chontae an Chabháin lena saothar dar teideal 'Through Time and Tide' (Deireadh Fómhair 2006)

Léirigh Adrian O'Connell a scannán cláir fhada 'Nailed' ag Amharclann Westwood Majestic Crest, Los Angeles an 10 Deireadh Fómhair 2006.

Bhuaigh Thomas Kennedy gradam an Crystal Heart ag Féile Scannán Heartlanad (Deireadh Fómhair 2006)

Bronnadh an Gradam Cré Umha ar David Smith do Dhearadh Grafaicí ag Searmanas Bliantúil Bronnta Gradam Institiúid na Fógraíochta agus an Deartha Chruthaithigh (Samhain 2006).

Thaispeáin Cora Cummins a saothar sna taispeántais a leanas:

- 'Impressions' (taispeántas aonair) ag Ionad Ealaíon na Gaillimhe (Nollaig 2006)
- 'New Work' ag Dánlann Kevin Kavanagh (Eanáir 2007)
- 'On a Thousand Islands in the Sea' (taispeántas aonair) ag an Dock, Contae Liatroma (Iúil 2007)

Thaispeáin Cecily Brennan a saothar ag Dánlann Taylor i Márta 2007.

Thaispeáin Ian Mitton a shaothar, 'Rest Awhile and Remember' i nDánlann Bharra an Teampaill (Bealtaine 2007)

Thaispeáin Clodagh Emoe a saothar sna taispeántais a leanas:

- 'Come Together' ag Dánlann Dhubhghlas de hÍde (Meitheamh-Lúnasa 2007)
- 'All Colours Black' ag Dánlann Ashford, RHA (Lúnasa 2007)

Tháirg Tim Lloyd na healaíona suiteála a leanas fístéipe:

- 'Key Cutting' arna thaispeáint ag Dánlann Lewis Gluckman, Corcaigh (Samhain 2006)
- 'New Work' arna thaispeáint ag Dánlann Four, Baile Átha Cliath (Iúil 2007)

Ba é Alan Farquharson an Dearthóir Táirgthe ar na léiriúcháin a leanas le linn na tréimhse 2006/2007:

'Celtic Woman – A New Journey', 'Stop! You're Killing Me', 'The Cavalcaders', 'Cat Laughs', 'Caught In The Net', 'Daniel O'Donnell from Letterkenny', 'Celtic Woman – A Christmas Celebration', 'Des Bishop – Tongues' agus 'Improbable Frequency'

Rinne na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha le linn na tréimhse 2006/2007:

Sheera Murphy

- An Chomhdháil 'Seeing Things: Irish Studies and Visual Culture', Ollscoil Luimní
- An Chomhdháil 'Re-Thinking the Everyday: (Material Culture)', an NCAD

Sorcha O'Brien

- An Chomhdháil 'Seeing Things: Irish Studies and Visual Culture', Ollscoil Luimní
- Comhdháil Bhliantúil an Choiste Idirnáisiúnta do Stair na Teicneolaíochta, Cóbánhávan

Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

Anna Colford

- An Siompóisiam Idirnáisiúnta 'Access All Areas', IMMA

Bhí foilseacháin le linn bhliain acadúil 2006/2007 ag na baill foirne a leanas:

Sherra Murphy, David Smith, an Dr Maeve Connolly

5.2.2 Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Rinne na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha le linn bhliain acadúil 2006/2007:

An Dr Barbara Hughes

- An Chomhdháil Bhliantúil 'Sochaí na hÉireann san 18ú hAois' ('18th Century Ireland Society'), Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Therese Moylan

- Comhdháil an Líonra Dhomhanda Ollscoileanna i Chicago

Carol MacKeogh

- Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Catherine Cronin

- An Chomhdháil 'Athru agus Dúshlán san Oideachas' ('Change & Challenge in Education'), Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Comhdháil Dhomhanda an ISBE in Turku, an Fhionlainn

Catherine Rossiter

- Acadamh Bainistíochta na hÉireann, Corcaigh
- Acadamh Bainistíochta na hÉireann, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

An Dr Diog O'Connell

- Comhdháil Chomóradh Céad Bliain ar John Huston ag OÉ Gaillimh
- Comhdháil an ACIS, Nua-Eabhrac
- Comhdháil Scannán UCD, UCD
- Seimineár Deleuze, UCD

Maria Parsons

- Seimineár Acadúil, TCD

Catherine McGlynn

- An Tríú Comhdháil ag an Ionad Náisiúnta do Staidéar Franc-Éireannach, I.T. Tamhlacht

Sarah Balen

- L'Association des Études Françaises et Francophones d'Irlande (ADEFI), UCD
- Siompóisiaim Iarchéime, I.T. Tamhlacht agus IADT
- Comhdháil an AFIS, I.T. Tamhlacht
- Comhdháil an IASIL, UCD

Bhí foilseacháin le linn bhliain acadúil 2006/2007 ag na baill foirne a leanas:

An Dr Josephine Browne, Therese Moylan, An Dr Paula Gilligan, An Dr Carol MacKeogh, An Dr Diog O'Connell, Maria Parsons, Cormac Deane, Michael Murphy, Catherine McGlynn, Conor Heagney

5.2.3 Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Rinne na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha/siompóisiaim le linn bhliain acadúil 2006/2007:

Marion Palmer

- Comhdháil an AISHE, OÉ, Má Nuad
- Cúigiú Chomhdháil Bhliantúil CELT, OÉ, Gaillimh
- Comhdháil an ESAI, an Cabhán

An Dr Mark Riordan

- An 37ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Síceolaíochta na hÉireann, Gaillimh

John Montayne

- An 37ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Síceolaíochta na hÉireann, Gaillimh

Hannah Barton

- Comhdháil EDEN, Naples, an Iodáil
- Comhdháil Mhúinteoireachta agus Foghlama CELT, OÉ Gaillimh

Andrew Errity

- Comhdháil Idirnáisiúnta ar Phróiseáil Neamhlíneach Urlabhra ('International Conference on Non-Linear Speech Processing') (NOLISP), Páras
- Comhdháil Idirnáisiúnta ar Phróiseáil Teanga Labhartha ('International Conference on Spoken Language Processing') Pittsburgh, SAM
- An Chomhdháil Nósanna Imeachta Idir-urlabhra ('Procedures of Interspeech Conference'), Antuairp na Beilge
- Nósanna Imeachta an 15ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Phróiseáil Comhartha Dhigitigh ('International Conference on Digital Signal Processing'), Cardiff na Breataine Bige

Olivia Hurley

- An 37ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Síceolaíochta na hÉireann, Gaillimh

Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

An Dr Gráinne Kirwan

- An 37ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Síceolaíochta na hÉireann, Gaillimh

Ciaran McMahon

- Comhchomhdháil Stair na nEolaíochtaí Daonna Cherion-ESHHS ('Joint History of the Human Sciences Conference'), UCD

An Dr Tim McNichols

- Imeachtaí an 17ú Comhdháil Eorpach ar Chórais Faisnéise, St. Gallen, an Eilvéis
- Imeachtaí an 22ú Comhdháil Margaíochta agus Táirgthe Tionsclaíochta ('Proceedings of 22nd Industrial Marketing & Production'), Milan na hIodáile

An Dr Nicola Porter

- Cruinniú Bliantúil Chumann Seaneolaíochta na Breataine ('British Society of Gerontology'), Bangor, an Bhreatain Bheag

Niamh Caprani

- Cruinniú Bliantúil Chumann Seaneolaíochta na Breataine, Bangor, an Bhreatain Bheag

Bhí foilseacháin le linn bhliain acadúil 2006/2007 ag na baill foirne a leanas:

Andrew Power, Marion Palmer, An Dr Mark Riordan, Hannah Barton, Joachim Pietsch, Andrew Errity, Tim McNichols, Paul Comiskey, An Dr Olivia Hurley, John Montayne, John Greaney, An Dr Nicola Porter, Niamh Caprani

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D. Marion Palmer mar bhall den Chomhairle nua den HETAC i Nollaig 2006.

6. Tuarascáil Airgeadais

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2006/2007

Cheadaigh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta gan aon cháiliú an 30 Meitheamh 2008.

Leagtar amach leagan giorraithe de na ráitis airgeadais in Aguisín A.I.

7. Comhionannas Deiseanna

Fostóir Comhionannas deieanna agus soláthróir oideachais is ea Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann siad idirdhealú in aon leith i gcoinne foirne ná mic léinn ar bhonn inscne, dath craicinn, cineáil, reiligiúin, stádas pósta ná éagumas fisiciúil. Tá siad tiomanta do bhaic ar an oideachas a bhaint agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach le deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

Aguisín A.I

Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2006/2007

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	<u>don Bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2007</u>	<u>don Bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2006</u>
	€	€
IONCAM		
Deontas Stáit	10,219,621	9,954,345
Scaoileadh ón gCuntas Caipitil	1,465,145	1,465,970
Táillí Teagaisc	3,746,723	3,240,214
Muirir um Chlárú Mic Léinn	1,227,390	1,136,801
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	491,642	533,009
Ioncam ó Ús	138,047	58,903
Ioncam eile	<u>1,332,591</u>	<u>1,145,232</u>
	<u>18,621,159</u>	<u>17,534,474</u>
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	8,656,669	7,612,078
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	538,415	550,312
Áitreabh	1,760,925	1,716,036
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí ICT	4,216,901	3,901,763
Costais Ghinearálta Oideachasúla	290,088	305,172
Áiseanna agus Fóntais na Mac Léinn	744,968	687,086
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	520,394	528,378
Dímheas	1,465,145	1,465,970
Caiteachas Eile	<u>161,758</u>	<u>183,515</u>
	<u>(18,355,263)</u>	<u>(16,950,310)</u>
ARNA LEITHDHÁILEADH DO CHÚLCHISTE SRIANTA	<u>(179,762)</u>	<u>(157,739)</u>
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN	86,134	426,425
BARRACHAS CARNTHA AMHAIL AN 1 MEÁN FÓMHAIR	<u>3,200,300</u>	<u>2,773,875</u>
BARRACHAS CARNTHA AMHAIL AN 31 LÚNASA	<u>3,286,434</u>	<u>3,200,300</u>

Ní ann d'aon ghnóthacain ná cailteanais aitheanta seachas iad sin lena ndéileálar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Arna shíniú ar son an Chomhlacta Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine Stiúrthóir

Clár Comhardaithe (Ráitis Airgeadais 2006/2007)

	<u>2007</u> €	<u>2006</u> €
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní Inláimhsithe	<u>34,586,043</u>	<u>32,667,776</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	1,992,290	2,898,704
Airgead sa bhanc agus de láimh	<u>3,612,672</u>	<u>2,433,405</u>
	5,604,962	5,332,109
CREIDIÚNAITHE		
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	<u>(1,364,212)</u>	<u>(1,357,255)</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA	<u>4,240,750</u>	<u>3,974,854</u>
GLANSÓCMHAINNÍ	<u>38,826,793</u>	<u>36,642,630</u>
ARNA LÉIRIÚ AG:		
CUNTAS CAIPITIL	34,586,043	32,667,776
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	3,286,434	3,200,300
CÚLCHISTE SRIANTA	<u>954,316</u>	<u>774,554</u>
	<u>38,826,793</u>	<u>36,642,630</u>

Arna shíniú ar son an Chomhlacta Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine Stiúrthóir

Ráiteas um Shreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2006/2007)

	<u>don Bhliain dar críoch An 31 Lúnasa 2007</u>	<u>don Bhliain dar críoch An 31 Lúnasa 2006</u>
Réiteach an bharrachais oibriúcháin chuig glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin €		€
Barrachas Oibriúcháin	86,134	426,425
Ioncam ó Ús	(138,047)	(58,903)
Ioncam ó Ús arna aistriú chuig an gCúlchiste Srianta	27,921	15,113
Dímheas	1,465,145	1,465,970
Amúchadh ar aon dul le Dímheas	(1,465,145)	(1,465,970)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	215,362	1,211,110
(Méadú)/Laghdú ar Chreidiúnaithe	<u>6,957</u>	<u>(634,285)</u>
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>198,327</u>	<u>959,460</u>
<hr/>		
AN RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID		
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>198,327</u>	<u>959,460</u>
Torthaí ar infheistíocht agus ar sheirbhísiú airgeadais		
Ioncam ó Ús	138,047	58,903
Caiteachas Caipitil		
Íocaíocht le Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil	<u>(3,405,114)</u>	<u>(2,799,339)</u>
Glan-eis-sreabhadh Airgid le haghaidh	<u>(3,405,114)</u>	<u>(2,799,339)</u>
Caiteachas Caipitil		
Maoiniú Caipitil		
Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil agus do Mhionoibreacha	59,814	347,973
Leithdháilte ón Deontas Stáit do Chaiteachas Athfhillteach	1,493,395	1,408,421
Deontais Eile	2,539,476	0
Arna leithdháileadh ó Ioncam ón Muirear um Chlárú Mic Léinn	0	1,476
Arna leithdháileadh ó Ioncam Tionscadal	<u>3,481</u>	<u>3,750</u>
Glan-insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú Caipitil	<u>4,096,166</u>	<u>1,761,620</u>
Cúlchiste Srianta		
Arna leithdháileadh ó Ioncam ó Mhuirir um Chlárú Mic Léinn	<u>151,841</u>	<u>142,626</u>
Méadú ar Iarmhéideanna Airgid agus Bainc	<u>1,179,267</u>	<u>123,270</u>
<hr/>		
Réiteach an Ghlanreafa Airgid chuig Gluaiseachtaí ar Ghlanchistí		
Glanchistí Tosaigh	2,433,405	2,310,135
Glanchistí amhail an 31 Lúnasa	<u>3,612,672</u>	<u>2,433,405</u>
	<u>1,179,267</u>	<u>123,270</u>

Arna shíniú ar son an Chomhlacta Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine Stúirthóir